

Do vacsaíní COVID-19



**COVID-19
VACCINE**
Public Health
Advice

do dhaoine in aois 50 agus os a chionn sin agus idir 16 agus 49 má bhíonn fadhb shláinte acu

Baineann an t-eolas seo le daoine:

- 50 bliain d'aois nó os a chionn
- in aois 16 go 49 agus fadhb shláinte acu agus iad i mbaol dianghalair má tholgan siad COVID-19 nó má chónaíonn siad i saoráid chúraim fhadtéarma.

Nótáil le do thoil nach mbaineann an t-eolas seo le daoine a bhfuil córas imdhíonachta lag acu

Cén fáth go mba cheart dom vacsaín eile COVID-19 a fháil?

Tá sé tábhachtach a bheith suas chun dáta leis na vacsaíní COVID-19, **fiú má tá tú vacsaínithe cheana nó fiú má tholg tú COVID-19 cheana:**

- seans go bhfuil an chosaint a fuair tú ón vacsaín cheana nó an chosaint a fuair tú ó ionfhabhtú COVID-19 ag éirí níos laige le himeacht ama
- d'fhéadfá a bheith i mbaol méadaithe dianghalair dá mba rud é gur tholg tú COVID-19

Méadaíonn teanndáileoga an chosaint atá agat ó COVID-19. Ina éagmais sin, is mó an baol go dtiocfaidh dianghalair ort má tholgan tú COVID-19.

Cén líon dáileog vacsaíne COVID-19 ba cheart bheith faighte agam?

Tá sé molta ag an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC):

- ba cheart go mbeadh an chéad bhabhta vacsaíní COVID-19 faighte agat (2 dháileog de ghnáth ach amháin i gcás daoine a fuair an dáileog shingil de vacsaín Janssen COVID-19)
- is ceart duit an chéad theanndáileog a fháil ansin
- is ceart an dara teanndáileog a fháil tamall ina dhiaidh sin

Cathain ba cheart dom teanndáileog den vacsaín a fháil?

Ba cheart duit an teanndáileog a fháil 4 mhí tar éis an vacsaín dheiridh COVID-19 a fuair tú.

Más rud é gur tholg tú COVID-19 is ceart duit fanacht 4 mhí ar a laghad tar éis thosach na siomptóm nó 4 mhí tar éis tástáil dearfach a fháil sula bhfaigheann tú an teanndáileog.

Céard is eol dúinn faoi shábháilteacht na teanndáileoige?

Tá níos lú eolais againn faoi shábháilteacht na dara teanndáileoige COVID-19 agus na dteanndáileog ina dhiaidh sin. Tá teanndáileoga iolracha de vacsaíní COVID-19 tugtha ag mórán tíortha do na daoine iontu, áfach. Tá sé léirithe ag staidéir a rinneadh nár tháinig aon ábhair inmí chun cinn gan choinne go dtí seo maidir le daoine a fuair teanndáileoga iolracha.

An bhfuil teanndáileog den vacsaín ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach?

Níl an dara teanndáileog ná teanndáileoga ina dhiaidh sin de vacsaíní mRNA faofa ag an EMA. Tá comhairle tugtha, áfach, ag an EMA agus ag an Ionad Eorpach um Chosc agus Rialú Galar (ECDC) gur féidir an dara teanndáileog de vacsaín mRNA COVID-19 a thabhairt dóibh siúd atá in aois 60 nó os a chionn sin agus do dhaoine a bhfuil fadhbanna sláinte acu a fhágann i mbaol méadaithe galair iad mar go dtabharfaidh an dara teanndáileog cosaint mhéadaithe dóibh.

Féadann moltaí NIAC bheith éagsúil le moltaí EMA mar gheall ar shonraí agus ar chúrsaí áitiúla. In Éirinn cloímid le comhairle NIAC.

An féidir liom an vacsaín COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín in aghaidh fliú?

Is féidir. Má tá tú dlite chun vacsaín in aghaidh fliú a fháil, féadann tú vacsaín COVID-19 a fháil ag an am céanna. Is gnách vacsaín in aghaidh fliú a thairiscint idir mí Dheireadh Fómhair agus mí Aibreáin.

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais faoi na vacsaíní le fáil ar hse.ie/covid19vaccine/ nó is féidir leat glaoc ar an bhfoireann ag HSE Live ar 1800 700 700. Bíonn siad ar oscailt ó 8am go 8pm Luan go hAoine agus 9am go 5pm Satharn agus Domhnach.

Is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh, altra, cógaiseoir nó vacsaíneoirchomh maith.

Arna fhoilsiú ag FSS ar 08 Lúnasa 2022 Leagan 1



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland